C/2024/6034

8.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11637 – SONOCO / EVIOSYS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6034)

1. An 27 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Sonoco Products Company ('Sonoco', na Stáit Aontaithe),

— Eviosys Group ('Eviosys', an Eilvéis).

Gheobhaidh Sonoco rialú ar Eviosys ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir domhanda táirgí pacáistíochta tionsclaíocha agus tomhaltais é Sonoco, lena n-áirítear, go háirithe, cannaí ilchodacha agus coimeádáin pháipéir dhochta. San Eoraip, tá sé gníomhach den chuid is mó i bplaistigh tomhaltóirí agus thionsclaíocha, i gcannaí ilchodacha (páipéarbhunaithe) agus, go pointe teoranta, i gcinn cannaí mhiotail neamhspleácha,

— Tá Eviosys gníomhach ar fud réitigh maidir le pacáistíocht mhiotail don bhia , dúntaí, dearaí don phacáistíocht mhiotail fógraíochta, agus cannaí aerasóil stánphláta. San Eoraip, tá sé gníomhach i bpacáistiú le haghaidh cannaí bia agus cannaí fógraíochta, cinn cannaí neamhspleácha, agus aerasóil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11637 – SONOCO / EVIOSYS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË